



Fógra Príobháideachais

Nuair a dhéanann tú clárú le agus freastal ar Choláiste Naomh Feichín, aithníonn tú go ndéanfaidh an scoil próiseáil ar eolas pearsanta a bhaineann leat.

Tugann an fógra príobháideachais seo roinnt eolais duit maidir le cé muid féin agus cén t-eolas pearsanta a bhaileofar uait, cad chuige a bhailítear é, cé leis a roinnfear é agus cén fhad a choinnítear é, chomh maith leis na cearta atá agat.

Beidh ár bPolasaí maidir le bailiú agus cosaint sonraí foilsithe ar colaistenaomhfeichin.ie go luath.

1. Cé Muid féin?

Coláiste Naomh Feichín

Ár gcuid sonraí teagmhála ná:

Coláiste Naomh Feichín

Corr na Móna

Co. na Gaillimhe

F12 YV84

[www.colaistenaomhfeichin.ie](http://colaistenaomhfeichin.ie)

Soláthraíonn muid oideachas iar-bhunscoile do dhaltaí atá idir 12 agus 19 bliain d'aois.

2. An t-eolas a bhailíonn muid fút.

Mar scoláire i gColáiste Naomh Feichín, bailíonn muid agus baineann muid úsáid as sonraí pearsanta ar nós dáta breithe, seoladh, eolas faoi thuismitheoirí/chaomhnóirí, uimhreacha gutháin, seolta r-phoist, íomhánna, sonraí rollacháin, eolas maidir le hiar-scoileanna, dul chun cinn acadúil, uimhir PPS, riachtannais oideachais speisialta, eolas faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteacht, náisiúntacht, teanga baile, reiligiúin, eolas maidir le tinreamh, eolas maidir le hiompar, eolas maidir le bailiú táillí, cártaí leighis agus eolas pearsanta eile a bhaineann le cúrsaí scoile.

Cén chaoi a mbaineann muid úsáid as eolas?

Úsáidtear eolas pearsanta le haghaidh:

Rollacháin

Le hoideachas agus tacaíocht cuí a sholáthar

Le dul chun cinn acadúlach a mheas

Le haire a thabhairt do shláinte agus d'fholláine

Le haire a thabhairt don fhoireann agus do dhaltaí;

Le hiarratais ar dheontais, scoláireachtaí agus táillí a chomhlíonadh

Lé cláracha oideachais a chomhordú, a mheas agus a chur ar fáil.

Lenár gcuid dualgais dleathacha mar institiúid oideachais a chomhlíonadh.

Le dualgais monatóireachta agus tuarascálacha chuig eagrachtaí rialtais a chomhlíonadh,

Le cúrsaí athchomháirc, conspóide agus le ábhair dlí a chur chun cinn.

Cé leis an roinneann muid eolas?

Roinneann muid do chuid eolas :

Le Coimisiún na Scrúduithe

Leis an Roinn Oideachais agus Scileanna

Le TÚSLA

Leis an CNOS (Comhairle Náisiúnta um Oideachais Speisialta)

Leis an Roinn Leasa Shóisialaigh

An Garda Síochána

Na Coimisinéirí ioncaim &rl

Braitheann leibhéal agus scóip an roinnt le coinníollacha éagsúla. Úsáideann eagraíochtaí an Rialtais an t-eolas le cur leis an eolas atá acu mar gheall ort go dtí seo. Roinneann muid eolas lenár gcomhlacht árachais, lenar soláthraithe TEC, Slándála, Comhairleoirí bainistíochta, dlí agus iontaobhaithe. Tá dualgas dlí orainn eolas maidir le dul chun cinn acadúlachta a chur ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí aon scoláire atá faoi 18bl.d'aois.

Ní aistríonn muid eolas pearsanta chuig aon tir eile ná chuig aon eagraíocht idirnáisiúnta..

3. Cén fhad a choinníonn muid do chuid sonrai?

Faightear réidh le roinnt eolais ag deireadh na scoilbhliana.

Cóinnítear eolas maidir le dul chun cinn acadúlach a fhad agus atá tú sa scoil + 7 bliain théis don scoláire a fágail.

Ní choinnítear cóip de thorthaí scrúduithe teistiméireachta tar éis duit fágail.

4. Tá sé de cheart agat:

- (a) Gearán a dhéanamh.
- (b) Teacht ar eolas ata coinnithe mar gheall ort.
- (c) Ceartú a iarradh
- (d) Ceart a bheith dearmadta.
- (e) Ceart srian a chur le próiseáil.
- (f) Ceart sonrai a aistriú.